Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6941/21**

**ENV 145**
**CHIMIE 33**
**COMPET 170**
**IND 59**
**PHARM 39**
**AGRI 130**
**RECH 98**
**ECOFIN 234**
**ECO 37**
**SOC 138**
**SAN 139**
**CONSOM 61**
**MI 157**
**ENT 48**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Márta 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6695/21 + COR 1 (bg) |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11976/20 + ADD 1 - COM(2020) 667 final |
| Ábhar: | Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad tríd an nós imeachta i scríbhinn, an 15 Márta 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Straitéis Ceimiceán Inbhuanaithe an Aontais: Déanaimis beart de réir briathair**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

Agus Straitéis nua Fáis an Aontais Eorpaigh[1] agus an Comhaontú Glas don Eoraip Á MEABHRÚ DI[2];

Agus conclúidí ón gComhairle an 26 Meitheamh 2019 maidir le Straitéis an Aontais do Bheartas Inbhuanaithe Ceimiceán[3] le haghaidh comhshaol neamhthocsaineach Á MEABHRÚ DI;

Á MHEABHRÚ DI Cinneadh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2020 (7ú CGC)[4], dar teideal 'Muid ag maireachtáil go maith, faoi shrianta ár bpláinéid' le haghaidh geilleagar ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní, glas agus iomaíoch, agus Á MEABHRÚ DI an tuarascáil ar an meastóireacht a rinneadh ar an gclár[5];

Agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis 'an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – Na Treochtaí a Chasadh le Chéile' Á MEABHRÚ DI[6];

1 15321/19 + ADD 1 - COM(2019) 650 final.
2 15051/19 + ADD 1 - COM(2019) 640 final.
3 ST 10713/19.
4 IO L 354 an 28 Nollaig 2013, lch. 171.
5 ST 9416/19 + ADD 1-2 - COM (2019) 233 final.
6 ST 12795/19.

Agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) níos leithne Á gCUR CHUN SUNTAIS DI[7] mar a leagtar amach iad sa Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 dar teideal *Transforming our world: The 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athraithe: Clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] atá ábhartha do bheartas ceimiceán an Aontais maidir le cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil, agus maidir leis an aistriú chuig táirgeacht agus tomhaltas inbhuanaithe, agus ag an am céanna, teicneolaíochtaí inbhuanaithe á gcur chun cinn agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní á áirithiú;
Agus conclúidí ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas Á MEABHRÚ DI[8];

Na rúin a leanas ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (CCNA) Á MEABHRÚ DI: rún 1/5 maidir le ceimiceáin agus dramhaíl, rún 3/4 maidir leis an gcomhshaol agus sláinte, go háirithe an roinn maidir le ceimiceáin, rún 2/7 agus rún 4/8 maidir le bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola; Dearbhú Aireachta CCNA ag an 4ú seisiún a bhí aige, maidir le *innovative solutions for environmental challenges and sustainable consumption and production* [réitigh nuálacha ar dhúshláin chomhshaoil agus ar tháirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe]; sa chomhthéacs sin, Á MHEABHRÚ DI *Global Chemicals Outlook II* [an dara hIonchas Domhanda Ceimiceán], arna shainordú ag CCNA, ina socraíodh nach mbainfí amach faoi 2020 an sprioc dhomhanda drochthionchair na gceimiceán agus na dramhaíola a íoslaghdú agus go bhfuil géarghá le gníomhaíocht dhomhanda níos uaillmhianaí ó na geallsealbhóirí uile;

Á MHEABHRÚ DI a thábhachtaí atá próiseas idirsheisiúnach an Chur Chuige Straitéisigh maidir le Bainistiú Idirnáisiúnta Ceimiceán agus é mar aidhm aige bainistiú fónta na gceimiceán agus na dramhaíola a neartú i ndiaidh 2020;

Agus na comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil ábhartha Á nAITHINT DI, mar atá Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dTaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceán Guaiseach agus Lotnaidicídí áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta, Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair, Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin agus an Córas Comhchuibhithe Domhanda um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú;

---

7 https://ec.europa.eu/international-partnerships/sustainable-development-goals_en.
8 ST 13852/20 + COR 1.

Agus na Teachtaireachtaí seo a leanas ón gCoimisiún Á MEABHRÚ DI: 'Éifeachtaí comhcheangailte na gceimiceán – Meascáin cheimiceacha'[9], 'Maidir le cur chun feidhme an phacáiste um an ngeilleagar ciorclach: roghanna chun aghaidh a thabhairt ar an gcomhéadan idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl'[10], 'Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche'[11], 'Tuarascáil Ghinearálta ón gCoimisiún maidir le hoibríocht REACH agus athbhreithniú ar ghnéithe áirithe'[12], 'I dtreo chreat cuimsitheach an Aontais Eorpaigh maidir le suaiteoirí inchríneacha'[13], Cur chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol'[14];

AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI do thorthaí na Seiceála Oiriúnachta[15] ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin, gan REACH a áireamh, agus do na dúshláin, na bearnaí agus na laigí a sainaithníodh iontu; An tSeiceáil Oiriúnachta ar Shuaiteoirí Inchríneacha[16]; Tuarascáil Ghinearálta ón gCoimisiún maidir le hoibríocht REACH agus athbhreithniú ar ghnéithe áirithe[17][...]; 'Straitéis hidrigine ón gCoimisiún i gcomhair Eoraip aeráidneodrach'[18]; an 'Straitéis Bhithgheilleagair don Eoraip' nuashonraithe[19], agus 'an Straitéis Eorpach Nua maidir le Tionsclaíocht'[20];

Á CHUR I bhFIOS GO LÁIDIR DI gur cuid lárnach í an Straitéis Ceimiceán nua don Inbhuaine i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí (dá ngairtear an 'Straitéis Ceimiceán' anseo feasta)[21] de Phlean Téarnaimh an Aontais agus gur príomhthosaíocht den Chomhaontú Glas don Eoraip í, a mhéid a bhaineann lena hiarracht Aontas Eorpach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050 ag a mbeadh geilleagar inbhuanaithe, ciorclach, uileghabhálach[...] a chosnaíonn an comhshaol agus sláinte an duine;

---

9 ST 10923/12.
10 ST 5479/18 - COM(2018) 32 final.
11 6766/20 - COM(2020) 98 final.
12 ST 6916/18 - COM(2018) 116 final.
13 ST 14204/18 - COM(2018) 734 final.
14 7680/19 - COM(2019) 128 final.
15 ST 10705/19 - COM(2019) 264 final.
16 14204/18 - COM(2018) 734 final.
17 ST 6916/18 - COM(2018)116 final.
18 ST 9390/20 - COM(2020) 301 final.
19 ST 13229/18 - COM(2018) 673 final.
20 6782/20 - COM(2020) 102 final.
21 11976/20 + ADD 1 - COM(2020) 667 final.

Á CHUR I dTÁBHACHT DI gurb í an Straitéis Ceimiceán nua an chéad chéim chun uaillmhian na hEorpa maidir le truailliú nialasach a bhaint amach agus go bhfuil an Straitéis sin comhlántach leis an Straitéis Eorpach maidir le tionsclaíocht[22], leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'[23], le Cur chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Cógaisíocht sa Chomhshaol[24], leis an Straitéis Mheatáin[25], leis na Straitéisí Feistí Leighis[26] agus leis an Straitéis Bhithéagsúlachta[27], chomh maith leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[28] agus le Plean na hEorpa chun an Ailse a Chomhrac[29], agus leis an Straitéis Ithreach, le Creat Straitéiseach 2021-2027 maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, agus leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach[30] atá ar na bacáin;

Á AITHINT DI go bhfuil sé d'acmhainn ag beartas uaillmhianach lena ngabhann bearta éifeachtacha le haghaidh táirgeadh agus úsáid ceimiceán atá glas, sábháilte[...] agus inbhuanaithe iomaíochas an gheilleagair agus na tionsclaíochta a neartú, borradh a chur faoin nuálaíocht, agus poist nua agus deiseanna fáis a chruthú;

Á AITHINT DI go bhfuil ról tábhachtach ag an gcomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus na gníomhaireachtaí Eorpacha ábhartha i gcóras an mheasúnaithe guaise agus riosca agus an bhainistithe riosca ar cheimiceáin;

---

22 6782/20 - COM(2020) 102 final.
23 8280/20 - COM(2020) 381 final.
24 7680/19 - COM(2019) 128 final.
25 11856/20 - COM(2020) 663 final.
26 7179/20 - COM(2020) 144 final.
27 8219/20 - COM(2020) 380 final.
28 6766/20 - COM(2020) 98 final.
29 5930/21 - COM(2021) 44 final.
30 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal: "*Towards a Zero Pollution Ambition for air, water and soil – building a Healthier Planet for Healthier People*" [I dTreo Uaillmhian an Truaillithe Nialasaigh don aer, don uisce agus don ithir – Pláinéad níos folláine a chruthú do dhaoine níos folláine], le glacadh sa chéad leath de 2021 (tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí an 10 Feabhra 2021).

A *An tAontas Eorpach ar son fís uaillmhianach maidir le ceimiceáin*

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Straitéis Ceimiceán don Inbhuaine i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí, lena mbunaítear fís fhadtéarmach do bheartas ceimiceán an Aontais, darb aidhm ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, agus rannchuidiú le hiomaíochas thionsclaíocht an Aontais a neartú ag an am céanna, trí cheimiceáin shábháilte inbhuanaithe a tháirgeadh agus a úsáid lena gcumasaítear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach trí shubstaintí ar díol imní iad a ionadú agus a íoslaghdú, a mhéid is féidir, agus deireadh a chur de réir a chéile le húsáid neamhriachtanach na gceimiceán is díobhálaí sa tsochaí;

2. TACAÍONN SÍ SCUN SCAN leis na cúig phríomhréimse gníomhaíochta arna mbunú leis an Straitéis Ceimiceán: nuáil a dhéanamh ar mhaithe le ceimiceáin shábháilte inbhuanaithe; creat dlíthiúil an Aontais a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní is mó atá ann faoin gcomhshaol agus faoin tsláinte; an creat dlíthiúil a shimpliú agus a chomhdhlúthú; bonn cuimsitheach eolais ar cheimiceáin; sampla a leagan síos i dtaobh bainistiú fónta ceimiceán ar fud an domhain; agus TACAÍONN SÍ le cuspóirí oibríochtúla na ngníomhaíochtaí sonracha mar a shainaithnítear iad sa Straitéis Ceimiceán;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI aidhm an chur chuige 'Substaint amháin, Measúnú Amháin', lena mbeartaítear trédhearcacht an chreata rialála maidir le guais agus measúnú riosca ar cheimiceáin a shimpliú agus a fheabhsú, comhleanúnachas a mhéadú, comhordú níos fearr a dhéanamh ar rialacha an Aontais maidir le ceimiceáin, agus cinnteoireacht a dhéanamh níos tapúla; agus TACAÍONN SÍ le leathnú raon feidhme an chur chuige chineálaigh i leith bhainistíocht riosca na substaintí is díobhálaí agus leis an gcur chuige 'sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh';

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an Straitéis Ceimiceán chun rannchuidiú le cur chun feidhme an Gheilleagair Chiorclaigh agus chun é a chomhlánú, i bhfianaise go n-eascróidh timthriallta ábhar neamhthocsaineach agus geilleagar ciorclach níos glaine as an aistriú chuig substaintí, ábhair agus táirgí níos sábháilte agus níos inbhuanaithe, go háirithe i dtáirgí tomhaltais; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé deireadh a chur de réir a chéile leis na substaintí, ar údar imní iad, i dtáirgí agus in ábhair athchúrsáilte; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh i gcomhthéacs cur chuige saolré i leith ceimiceán, ó na hamhábhair a úsáidtear do tháirgeadh go dtí céim na dramhaíola;

5. MEASANN SÍ gur ríthábhachtach cur i bhfeidhm sineirgisteach na n-ionstraimí rialála atá ann cheana, amhail Rialachán REACH, an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, an Rialachán maidir le hÉicilipéad, an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, an Treoir Réime maidir le Dramhaíl, an Treoir Réime maidir le OSH, an Treoir Réime maidir le hUisce, mar aon leis an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe a bheidh ann sa todhchaí, agus na cistí ábhartha, chun táirgeadh agus úsáid ceimiceán, ábhar agus táirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe a spreagadh ó chéim an deartha ar aghaidh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá forálacha soiléire dlíthiúla i ndlí an Aontais maidir le táirgí agus sa Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[31] lena n-áirithítear go mbeidh ceimiceáin, ábhair agus táirgí sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh;

6. AITHNÍONN SÍ gur gá na beartais agus an creat dlíthiúil do cheimiceáin a shimpliú, a neartú agus a dhaingniú agus comhtháthú níos mó a bheith ann eatarthu chun dlús a chur le nósanna imeachta agus chun ualach riaracháin neamhriachtanach a sheachaint, agus níos mó intuarthachta agus trédhearcachta a chruthú, agus feabhas á chur ar leibhéal cosanta shláinte an duine agus an chomhshaoil ag an am céanna; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint air de chomhtháthú beartais a áirithiú agus leas a bhaint as sineirgí idir na beartais ceimiceán agus na beartais eile;

---

31 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12567-Sustainable-products-initiative.

*B. Cur chun feidhme i dtreo na hinbhuaine agus timpeallacht saor ó thocsainí*

7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme go hiomlán, faoi réim a gcumhachtaí, gan moill mhíchuí agus i gcomhréir le prionsabail dhlí comhshaoil an Aontais Eorpaigh, go háirithe, prionsabal an réamhchúraim agus prionsabal an choiscthe;

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh cruinniú comhchéime ardleibhéil, chun cuspóirí na Straitéise Ceimiceán a bhaint amach agus chun faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí, ag díriú go háirithe ar an gcaoi leis an reachtaíocht maidir le ceimiceáin a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, mar aon leis an gcaoi le borradh a chur faoi fhorbairt agus faoi ghlacadh ceimiceán nuálach sábháilte inbhuanaithe ar fud na n-earnálacha; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na mBallstát sa chruinniú comhchéime ardleibhéil;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann leis na measúnuithe tionchair a bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún a dhéanamh chun faisnéis a bhailiú agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa Straitéis a mheas, lena n-áirítear ar FBManna; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na measúnuithe tionchair sin ar bhealach lena gcuidítear chun an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme go tráthúil agus lena dtugtar tacaíocht do chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe;

10. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit bearta iomchuí a dhéanamh chun aistriú a bheidh cóir, cothrom go sóisialta agus cuimsitheach a áirithiú chun ceimiceáin a tháirgeadh agus a úsáid ar bhealach níos glaise, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe; agus sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar mhodhanna chun costais agus tairbhí don tsochaí a chinneadh; MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé grúpaí leochaileacha a chosaint go leordhóthanach, go háirithe trí chur chuige uileghabhálach a ghlacadh sa reachtaíocht uile maidir le ceimiceáin; dá bhrí sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a ábhartha atá sainmhíniú cothrománach ar ghrúpaí leochaileacha a bheith aige;

11. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus bithicídí; agus sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról ríthábhachtach atá ag pailneoirí agus ag speicis eile i ndáil le héiceachórais shláintiúla agus slándáil bia, mar aon leis an ngá a meath a aisiompú agus na luamháin uile a ghníomhachtú chun bithéagsúlacht agus na héiceachórais atá thar a bheith leochaileach a chosaint; agus MEABHRAÍTEAR DI an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí[32] agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát um úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta[...] plandaí, mar aon leis an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach maidir le cur chun feidhme na Treorach dá dtagraítear agus na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tuarascáil sin[33], mar aon leis an uaillmhian chun úsáid agus riosca táirgí cosanta plandaí a laghdú a thuilleadh;

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí maidir leis an gcur chuige sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh, leathnú an chur chuige chineálaigh i leith bainistíocht riosca, éifeachtaí cumaisc na gceimiceán, lena n-áirítear fachtóir measúnaithe meascáin a thabhairt isteach, substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile, suaiteoirí inchríneacha, optamú an chomhéadain idir an reachtaíocht maidir le ceimiceáin, táirgí agus dramhaíl, neamhfhulaingt ar neamhchomhlíonadh lena n-áirítear tríd an bprionsabal 'cosc margaidh i gceal sonraí', aidhm na ceannaireachta domhanda, agus an t-athbhreithniú ar shainmhíniú nana-ábhar, lena n-áirithítear go dtabharfar isteach sa reachtaíocht earnála é ar bhealach comhleanúnach agus ceangailteach ó thaobh dlí de, mar aon leis na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le leasuithe spriocdhírithe Rialachán REACH agus an Rialacháin maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór aird ar leith a thabhairt ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile ós rud é go gcuirtear sláinte an duine agus an comhshaol i mbaol leo, agus gur gá a áirithiú go gcuirfear deireadh leo, ach amháin má chruthaítear gur bunriachtanach don tsochaí é iad a úsáid; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta maidir le dul chun cinn an Phlean Gníomhaíochta maidir le substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile a áirítear sa Straitéis Ceimiceán; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh beart a chur i láthair chun an togra a bhfuiltear ag súil leis, atá dírithe ar shrian a chur ar shubstaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile, a chomhlánú;

[32] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71-86).

[33] 13454/20.

14. MEABHRAÍTEAR DI an gá atá leis an gcreat dlíthiúil Eorpach a neartú i réimse na suaiteoirí inchríneacha, ionas gur féidir iad a shainaithint go pras in am faoi chuimsiú an Rialacháin maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, chun nochtadh daoine agus an chomhshaoil dóibh a íoslaghdú, agus leibhéal ard comhleanúnach cosanta a áirithiú ar fud na reachtaíochta, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha sa phobal; chuige sin, TACAÍONN SÍ le forbairt bhrostaithe ar mhodhanna tástála lena ngintear faisnéis maidir le hairíonna suaite córais inchrínigh na gceimiceán;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS an ga atá le feabhas a chur ar cháilíocht chomhaid chlárúcháin REACH, go háirithe maidir le substaintí nach fios a gcomhdhéanamh nó a mbíonn a gcomhdhéanamh ag athrú chun a áirithiú go bhfuil go leor faisnéise iontu faoi chéannacht agus airíonna substaintí cláraithe, agus an gá atá le scrúdú cúramach a dhéanamh ar an riachtanas substaintí atá eisiata ón bpróiseas faoi láthair a chlárú;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart, mar phrionsabal, feidhm a bheith ag an teorainnluach do shubstaintí guaiseacha maidir le hóghábhar agus le hábhar athchúrsáilte freisin; ADMHAÍONN SÍ, in imthosca eisceachtúla, go bhféadfaidh maolú sealadach ar an bprionsabal sin a bheith riachtanach, faoin gcoinníoll go mbeidh úsáid ábhair athchúrsáilte teoranta d'fheidhmeanna atá sainithe go soiléir, i gcás nach mbeidh aon tionchar diúltach ar shláinte tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol agus i gcás a bhfuil údar cuí leis ar bhonn anailís de réir an cháis;

17. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún sainmhínithe comhchuibhithe soiléire beachta a fhorbairt gan moill mhíchuí, i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhairle leis na geallsealbhóirí, agus i gcás inar leordhóthanach, critéir nó prionsabail le haghaidh na gcoincheap atá ríthábhachtach chun an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme go héifeachtach, amhail 'ceimiceáin shábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' agus 'substaintí ar údar imní iad', eadhon chun deimhneacht dhlíthiúil agus comhthuiscint a bheith ann i measc na bpáirtithe uile;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur príomhghné é an coincheap 'úsáidí bunriachtanacha' i gcur chun feidhme na Straitéise Ceimiceán dá dtabharfar tús áite chun go mbeidh sé oibríochtúil gan moill mhíchuí; sa chomhthéacs sin, MEASANN SÍ gur túsphointe maith é an sainmhíniú ar 'úsáidí bunriachtanacha' atá i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin i dtaca le creat maidir le húsáid riachtanach a fhorbairt do cheimiceáin má ghlactar leis nach mór na critéir ón bPrótacal a oiriúnú do raon feidhme i bhfad níos leithne agus do réimsí éagsúla cur i bhfeidhm chreat dlíthiúil an Aontais maidir le ceimiceáin;

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún treochláir a fhorbairt ar bhealach tráthúil, i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, chun an cur chuige sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh i leith ceimiceán a chur chun feidhme agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar REACH;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise a chur ar fáil faoi dhearadh agus cur chun feidhme an chur chuige 'Substaint amháin, Measúnú amháin'; agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT ag an am céanna nár cheart moilleanna a chruthú mar gheall ar an gcur chuige sin i ngníomhaíochtaí rialála ná nár cheart an t-ualach riaracháin a mhéadú; maidir leis sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá go mbeidh dlúthbhaint ag na Ballstáit le forbairt an chur chuige seo agus go gcoinneofar cearta na mBallstát faoi aon reachtaíocht, go háirithe faoi Rialacháin REACH agus an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, gníomhaíocht rialála a thionscnamh;

21. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún leathnú an chur chuige chineálaigh i leith bainistíocht riosca a chur i gcrích mar phróiseas céim ar chéim ag tosú leis na ceimiceáin is díobhálaí i dtáirgí tomhaltais, agus ceimiceáin dhíobhálacha eile á gcuimsiú ina dhiaidh sin; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chun feidhme an chur chuige sin a áirithiú a luaithe is féidir; TACAÍONN SÍ le tús áite a thabhairt do shrianta ar na ceimiceáin is díobhálaí atá le cuimsiú faoin gcur chuige cineálach le haghaidh na n-úsáidí go léir agus trí ghrúpáil mar réiteach eatramhach go dtí go gcuirfear leathnú an chur chuige chineálaigh i leith bainistíocht riosca chun feidhme go hiomlán; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na Ballstáit a bheith in ann srianta a thionscnamh freisin bunaithe ar an gcur chuige sin;

22. ADMHAÍONN SÍ go n-éilítear athruithe ar an reachtaíocht ábhartha, lena n-áirítear Rialachán REACH agus an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú chun cuspóirí agus fís na Straitéise Ceimiceán a bhaint amach; agus TACAÍONN SÍ SCUN SCAN leis an leasú a fógraíodh ar Rialachán REACH ar bhealach spriocdhírithe, a mbeidh measúnú tionchair cuimsitheach ag gabháil leis, chun a áirithiú nach lagófar REACH leis na hathruithe, ná nach n-ísleofar leibhéal na cosanta a baineadh amach cheana, ná nach ndéanfar difear do chearta na mBallstát gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin Rialachán sin a thionscnamh agus tionchar a imirt orthu;

23. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le Rialachán REACH i dtaca le measúnú riosca ar cheimiceáin agus an ról nach beag atá ag an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú[...] i ndáil le sainaithint agus measúnú guaise ar cheimiceáin; TACAÍONN SÍ leis an neartú a fógraíodh ar na ceanglais sonraí faoi REACH, agus le tabhairt isteach aicmí guaise agus critéar nua faoi aicmiú, lipéadú agus pacáistiú, lena n-áirítear le haghaidh suaitheadh inchríneach agus le haghaidh seasmhacht i dteannta bithbhailithe nó soghluaisteachta, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ó thaobh an chomhshaoil de;

24. ADMHAÍONN SÍ go gcuireann na bealaí uile le nochtadh, lena n-áirítear astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir, agus ó mheascáin, ó ábhair, agus ó tháirgí, le linn a gcéime táirgthe, úsáide agus dramhaíola; sa chomhthéacs sin, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chuige comhtháite a chur i láthair sa Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Truailliú Nialasach lena dtéitear i ngleic le gach bealach nochta, amhail an t-aer, an t-uisce, agus an ithir, chun sláinte an duine agus an t-éiceachóras a chosaint go héifeachtach agus go héifeachtúil;

C. *An t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chumasú*

25. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá cistiú agus infheistíocht chun cur chun feidhme éifeachtach na Straitéise Ceimiceán a chinntiú;

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún bearta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ar leibhéal an airgeadais, arb é is aidhm dóibh tacú, go háirithe, le fiontair, agus aird ar leith á tabhairt ar na FBManna agus ar mhicrifhiontair, san iarracht chun riachtanais an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a shainaithint agus chun déileáil leo, go háirithe leis na dúshláin nua a bhaineann leis an Straitéis Ceimiceán a chur chun feidhme;

27. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT a riachtanaí atá sé táirgeadh agus úsáid ceimiceán, ábhar agus táirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh a chur chun cinn agus a chúiteamh (lena n-áirítear trí dhreasachtaí a chur ar fáil don earnáil tionsclaíochta) agus tógáil ar choincheap 'an cheimic ghlas', agus tús áite a thabhairt do nuálaíochtaí lena bhfeabhsaítear malartú ar shubstaintí ar údar imní iad;

28. CUIREANN SÍ I dTREIS chun na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Ceimiceán a bhaint amach, nach mór *acquis* an Aontais maidir le ceimiceáin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear gníomhaíocht chomhordaithe forfheidhmiúcháin i dtaca le réimsí aitheanta d'ardleibhéal neamhchomhlíonta, ag tógáil ar shamhail oibríochtúil an Fhóraim um Malartú Faisnéise maidir le Forfheidhmiú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breis faisnéise a chur ar fáil maidir leis an togra chun Acmhainneacht Iniúchóireachta Eorpach a bhunú agus maidir le raon feidhme gníomhaíochta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a leathnú; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur féidir le huirlisí digiteacha tacú le comhlíonadh na bhforálacha comhshaoil Eorpacha agus le forfheidhmiú dlí comhshaoil an Aontais;

29. ADMHAÍONN SÍ an ról ceannasach atá ag na Ballstáit i réimse an fhorfheidhmithe agus, i ndáil leis an méid sin, MOLANN SÍ dóibh a gcumas forfheidhmithe a mhéadú, trí acmhainní a bharrfheabhsú, agus dlúthchomhar a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta i measc na n-údarás bainistíochta ceimiceán, na n-údarás sábháilteachta agus sláinte ag an obair, na n-údarás cosanta tomhaltóirí agus na n-údarás comhshaoil, d'fhonn ardleibhéal cosanta a bhaint amach do thomhaltóirí, do ghrúpaí leochaileacha[...] agus d'oibrithe, agus don chomhshaol; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór cumais faireachais margaidh náisiúnta agus ról na n-údarás custaim a neartú;

30. IARRANN SÍ ar na Ballstáit féachaint ar bhealaí chun cistiú Eorpach a spriocdhíriú (an tsaoráid taighde agus nuálaíochta, an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta, cistí struchtúracha, *etc*.) agus chun maoiniú a shlógadh lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, idir phoiblí agus phríobháideach, chun tacú le tionscal an Aontais san athrú sin trí infheistíocht a mhealladh i dtreo substaintí, ábhair agus táirgí agus modhanna táirgthe atá sábháilte agus inbhuanaithe;

31. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé na hacmhainní is gá a leithdháileadh ar na gníomhaireachtaí Eorpacha i bhfianaise an t-athshannadh atá beartaithe don obair theicniúil agus eolaíochta ar cheimiceáin, lena n-áirítear creat buiséadach iomchuí fadtéarmach, agus, go háirithe, don Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), agus an ról lárnach atá aici i gcur chun feidhme roinnt de phríomhchuspóirí na Straitéise Ceimiceán á chur san áireamh; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar bhealaí chun cistí leordhóthanacha do ECHA a áirithiú agus an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear', á chur san áireamh, lena n-áirítear prionsabal na freagrachta leathnaithe táirgeora;

32. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR go bhfuil tábhacht thar na bearta ag gabháil leis an taighde agus le comhéadan neartaithe idir eolaíocht agus beartas chun cuspóirí na Straitéise Ceimiceán a bhaint amach; ós amhlaidh atá, IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bhunaigh an tAontas Córas Réamhrabhaidh agus Gníomhaíochta maidir le Ceimiceáin; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh mol barrfheabhais um measúnú riosca ar thaighde agus nuálaíocht uile-Aontais ann faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta faoin gclár Fís Eorpach maidir le Measúnú ar Rioscaí ó Cheimiceáin (PARC) atá le bunú amach anseo, d'fhonn tacú le húdaráis um bainistíocht riosca an Aontais agus na mBallstát aghaidh a thabhairt ar dhúshláin sábháilteachta ceimiceán – idir dhúshláin reatha, inteachta, agus nua – agus ionas gur féidir leis an aistriú chuig an gcéad ghlúin eile de mheasúnú riosca a bheith ina rannchuidiú ar mhaithe le leibhéal is airde sláinte phoiblí a bhaint amach do shaoránaigh na hEorpa agus don chomhshaol;

33. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an obair atá déanta ag ECFE, go háirithe maidir le straitéisí agus modhanna tástála ceimiceán; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an rannchuidiú eolaíoch a dhéanann sé a neartú agus tacaíocht a chur ar fáil don obair sin, de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal an airgeadais, chun go mbeidh na ceanglais tástála níos oibríochtúla sa chleachtas; TACAÍONN SÍ le tionscnaimh lena laghdaítear a thuilleadh an spleáchas ar thástáil ainmhithe;

34. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an taighde agus nuálaíocht, lena n-áirítear a ábhartha atá samhlacha gnó nuálacha amhail samhlacha gnó feidhmíochtbhunaithe, oideachas agus scileanna a fhorbairt, chun tacú leis an aistriú chuig táirgeadh agus úsáid ceimiceán atá sábháilte agus inbhuanaithe agus timthriallta ábhar neamhthocsaineach; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh an luachshlabhra, ó thús go deireadh, rannpháirteach sna próisis sin ionas gur fearrde an rath agus ceimiceán inbhuanaithe á dtabhairt isteach ar an margadh; MOLANN SÍ do na geallsealbhóirí ábhartha uile, idir phoiblí agus phríobháideach, feasacht an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun tacaíocht níos láidre a fháil d'aistriú glas agus d'aistriú digiteach in earnáil na gceimiceán;

*D. An inbhuaine agus an t-iomaíochas, deiseanna a chruthú*

35. AITHNÍONN SÍ go bhfuil tionscal na gceimiceán ríthábhachtach do gheilleagar agus do shochaí na hEorpa ar roinnt leibhéal, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur earnáil thionsclaíoch ríthábhachtach í tionscal na gceimiceán chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn, agus go bhfuil ról lárnach aici maidir le tionscal inbhuanaithe iomaíoch Eorpach a fhorbairt;

36. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé d'acmhainn ag próisis thionsclaíocha agus teicneolaíochtaí tionsclaíocha atá nua agus níos glaine lorg na gceimiceán ar an gcomhshaol a laghdú, go bhfuil sé d'acmhainn acu seachtrachtaí diúltacha a sheachaint, ullmhacht don mhargadh a fheabhsú, agus margaí nua a chruthú do thionscal ceimiceán inbhuanaithe Eorpach, agus cothrom na Féinne a áirithiú freisin; AONTAÍONN SÍ gur féidir le ceimiceáin shábháilte inbhuanaithe réitigh inbhuanaithe a fheabhsú in earnálacha go leor, lena n-áirítear na hearnálacha seo: plaisteach, ábhar tógála, teicstílí, soghluaisteacht íseal-astaíochtaí, cadhnraí, tuirbíní gaoithe, agus foinsí inathnuaite fuinnimh;

37. TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR go dtairgfear réitigh dhomhanda nua trí cheimiceáin shábháilte inbhuanaithe a úsáid agus go gcuirfear borradh faoi iomaíochas thionscal Eorpach na gceimiceán mar aon le luachshlabhraí domhanda reatha, agus cosaint dhomhanda an chomhshaoil agus shláinte an duine á háirithiú ag an am céanna, go háirithe cosaint na dtomhaltóirí, grúpaí leochaileacha agus oibrithe;

*E. I dteannta a chéile – malartú faisnéise, an chumarsáid*

38. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh líonra tacaíochta uile-Aontais – atá sábháilte, agus inbhuanaithe trí dhearadh – chun comhar agus comhroinnt faisnéise thrasearnálach a chur chun cinn ar fud na luachshlabhraí, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart don líonra sin saineolas teicniúil a chur ar fáil maidir le roghanna eile, lena n-áiríthítear go gcomhlíonfaidh na sonraí treoirphrionsabail FAIR[34];

39. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, dul i mbun oibre leis na Ballstáit, le hearnáil na tionsclaíochta agus le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le malartú dea-chleachtas i réimse ceimiceán, ábhar agus táirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe, lena n-áirítear teicneolaíochtaí malartacha agus samhlacha gnó inbhuanaithe;

40. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh faisnéis ábhartha intuigthe ar fáil maidir le cion ceimiceáin táirgí agus lena inrianaitheacht feadh shaolré na n-ábhar agus na dtáirgí, go háirithe trí phasanna táirgí a fhorbairt, ionas go n-áiritheofar go mbeidh ann margadh dea-fheidhmiúil d'amhábhair thánaisteacha atá sábháilte agus ar ardchaighdeán;

41. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a ábhartha atá bonn faisnéise cuimsitheach maidir leis na substaintí go léir a chuirtear ar an margadh agus maidir lena lorg foriomlán comhshaoil, lena n-áirítear a dtionchar ar an aeráid, ar an mbithéagsúlacht agus ar an muirthimpeallacht;

*F. An tAontas Eorpach ar son clár oibre uaillmhianach domhanda maidir le ceimiceáin*

42. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá gné idirnáisiúnta na Straitéise Ceimiceán agus an gá, a mhéid is féidir, ardleibhéal uaillmhéine na straitéise a chur chun cinn chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar an leibhéal domhanda;

43. CUIREANN SÍ i BHFIOS GO LÁIDIR nach mór rannchuidiú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, lena n-áirítear bainistiú freagrach fónta ceimiceán agus dramhaíola;

---

34 https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/turning_fair_into_reality_0.pdf: Is ionann sonraí FAIR agus na sonraí sin a chomhlíonann prionsabail na so-aimsitheachta, na hinrochtaineachta, na hidir-inoibritheachta agus na hin-athúsáideachta.

44. CUIREANN SÍ i DTREIS a thábhachtaí atá sé cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha domhanda a ghlacadh chun bainistiú fónta a dhéanamh ar cheimiceáin agus ar dhramhaíl níos faide anonn ná 2020; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannchuidiú a thuilleadh leis an obair atá ar bun chun creat domhanda um cheimiceáin agus dramhaíl a bhainistiú go fónta tar éis 2020 a bhunú amach anseo; AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá sé comhchaighdeáin agus uirlisí nuálacha measúnaithe riosca a fhorbairt go hidirnáisiúnta, mar aon leis na caighdeáin sin a úsáid laistigh de chreataí idirnáisiúnta; TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil sé d'acmhainn ag bearta idirnáisiúnta den sórt sin feabhas a chur ar iomaíochas thionscal Eorpach na gceimiceán agus ar an luachshlabhra a ghabhann léi;

45. IS MÓR AN DÍOL SÁSAIMH DI tionscnaimh na Straitéise Ceimiceán i.e. féachaint le ceannaireacht idirnáisiúnta a thabhairt ar son chur chun cinn an bhainistithe fhónta ceimiceán agus dramhaíola, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar fud an domhain, lena n-áirítear i ndáil le substaintí allmhairithe a bhfuil toirmeasc orthu nó a rialaítear go mór, ionas go n-áiritheofar cothrom na Féinne, agus go dtabharfar aghaidh ar tháirgeadh ceimiceán díobhálach chun críoch onnmhairithe nach gceadaítear san Aontas Eorpach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá an comhar le tríú tíortha, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint cé mar is fearr is féidir tacú leis an gcomhar eolaíoch domhanda agus leis an gcomhar idir gnólachtaí;

46. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a dtacaíocht theicniúil a neartú agus an fothú acmhainneachta a fheabhsú a thuilleadh i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus a ndícheall a dhéanamh bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola a bhaint amach ar fud an domhain bunaithe ar na Coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus ar an ionstraim atá le bheith ann amach anseo maidir le Bainistiú Fónta Ceimiceán agus Dramhaíola i ndiaidh 2020; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé nach leagfar an dochar don chomhshaol agus don tsláinte ar thríú tíortha;

47. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur ionstraim ríthábhachtach d'éifeachtacht na bainistíochta ceimiceán i ngach tír é Córas Comhchuibhithe Domhanda na Náisiún Aontaithe um Cheimiceáin a Aicmiú agus a Lipéadú maille lena chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh; IARRANN SÍ AR an gCoimisiún tabhairt isteach, oiriúnú nó soiléiriú maidir le critéar/aicmí guaise sa Chóras Comhchuibhithe Domhanda a chur chun cinn i gcomhréir leis na leasuithe atá beartaithe don Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú, d'fhonn an chomhsheasmhacht, an trédhearcacht, an malartú faisnéise[...], agus cothroime iomaíochta a fheabhsú; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, leanúint dá n-iarrachtaí substaintí a ainmniú faoi Choinbhinsiún Stócólm;

*G. Faireachán ar dhul chun cinn i dtreo timpeallacht saor ó thocsainí*

48. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, creat cuimsitheach faireacháin ar cheimiceáin a fhorbairt agus a chur chun cinn mar chuid de chreat faireacháin agus forbhreathnúcháin ceimiceán is leithne darb aidhm truailliú nialasach, agus rochtain ag an bpobal ar a thorthaí, chun maoirsiú a dhéanamh ar na nithe is siocair leis an truailliú ceimiceach agus ar an tionchar a imríonn siad ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, chun comhlánú a dhéanamh ar fhaireachán ar láithreacht ceimiceán in éiceachórais, agus chun éifeachtacht na reachtaíochta maidir le ceimiceáin a thomhas, bunaithe ar thionscnaimh atá ann cheana agus atá beartaithe, amhail HBM4EU[35] agus PARC[36], agus ar tháscairí a bhfuil gnéithe eacnamaíocha, comhshaoil agus gnéithe sóisialta ag gabháil leo;

49. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún cur chun feidhme na Straitéise Ceimiceán a mhaoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairt na ngníomhaíochtaí uile dá dtagraítear sa straitéis, lena n-áirítear a dtionchar ar chosaint na sláinte agus an chomhshaoil, agus faisnéis a chur ar fáil don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa go rialta;

50. TÁ SÍ FAOI RÉIR le dul i mbun oibre arís ar na tograí sin a chuirfear ann amach anseo agus atá mar chuid den Straitéis Ceimiceán.

---

35 Bithmhonatóireacht dhaonna san Eoraip chun Fianaise a sholáthar ar Cheapadh Beartais maidir le Ceimiceáin (HBM4EU) – https://www.hbm4eu.eu/.

36 Dréacht-Togra le haghaidh Comhpháirtíocht Eorpach faoin gComhpháirtíocht faoin gclár Fís Eorpach maidir le Measúnú ar Riosca ó Cheimiceáin (PARC), an 6 Meitheamh 2020 – https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/research_and_innovation/funding/documents/ec_rtd_he-partnerships-chemical-risk-assessment.pdf.